

Plean straitéiseach 2018 - 2022

Glór na nGael

Leathanach

Ábhar

- | | |
|----------------|--|
| <i>1</i> | <i>Ráiteas bunchuspóra</i> |
| <i>2.</i> | <i>Achoimre fheidhmeach</i> |
| <i>3- 4</i> | <i>Riachtanais taighde agus anailíse an phlean</i> |
| <i>5.</i> | <i>Cúlra an Phlean</i> |
| <i>6</i> | <i>Próiseas na Moltóireachta = Creatlach Pleanála Teanga</i> |
| <i>7 - 15</i> | <i>Plean 2018 - 2022 “Feidhmeanna, Ionchuir agus Torthaí ionchais,</i> |
| <i>16 - 19</i> | <i>Plean Feidhmeannach 2018</i> |

Aguisíní

- | | |
|----------------|--|
| <i>20 - 21</i> | <i>Feidhmeanna Glór na nGael aontaithe le Foras na Gaeilge</i> |
| <i>22 - 23</i> | <i>Comhpháirtíocht le heagrais eile</i> |
| <i>24</i> | <i>Scéim Teanga Tí</i> |
| <i>25</i> | <i>Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha</i> |

Ráiteas bunchuspóra

Is í úsáid agus forbairt na Gaeilge a chinntiú trí chumasú pobail bunchuspóir Ghlór na nGael. Déanfar é seo trí mheán comórtais phobalbhunaithe agus trí bhéim a leagann ar cheithre mhór réimse oibre,

Forbairt ar Úsáid na Gaeilge i measc Teaghlaigh

Forbairt Phobail

Forbairt na Fiontraíochta Ghaeilge

Forbairt Úsáid na Gaeilge sa Ghnó

Achoimre fheidhmeach

Le linn tréimhse cúig bliana an phlean seo, tabharfar faoi spriocanna uailmhianacha, ina measc;

- **Duaiseanna ar luach €500,000 a bhronnadh i gcomórtas Ghlór na nGael,**
- **¹tacaíocht €300,000 a chur ar fáil do chlubanna an CLG atá páirteach i bhFondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha**
- **²tacaíocht €300,000 a chur ar fáil do theaghlaigh atá ag glacadh páirte sa Scéim Teanga Tí,**
- **eagrófar 2,300+ ócáidí teaghlaigh, idir Teanga Tí agus ócáidí eile,**
- **tacaíocht €200,000 a bhronnadh ar ghrúpaí thar lear,**
- **i gcomhair le páirtneir lárnacha aontófar Straitéis Forbartha Pobail,**
- **‘Ciste infheistíochta d’áiseanna agus d’acmhainní Gaeilge’ a bhunú ar luach €100,000 sa bhliain**
- **Seirbhís a chur ar fáil do bhunú Cumann Tráchtála don Ghaeltacht agus gnóthaí eile trí Ghaeilge agus maoiniú a lorg dó sin.**
- **Córais náisiúnta Gradam Aitheantais a bhunú do ghnónna a bhaineann úsáid as Gaeilge i gcomharthaíocht agus cumarsáid.**

¹ Tá forbairt na Fondúireacht ag baith ar tacaíocht bhreise a bheith ar fáil le cúnamh a thabhairt do chéadadán mór clubanna. Tá 2,000+ club ag feidhmiú in Éireann.

² Tá forbairt na scéime Teanga Tí ag braith ar thacaíocht bhreise a bheith ar fáil. Tá os cionn 3,000+ bunskoileanna ag feidhmiú ar oileán na hÉireann agus os cionn 200 acu siúd ina mbunskoileanna lán Ghaeilge.

Riachtanais taighde agus anailíse an phlean

I roinnt réimsí oibre, faightear dúshlánach é anailís a dhéanamh ar thionchar obair na heagraíochta ar na pobail a bhfuil plé agus dlúthbhaint aici leo. Mar shampla, níl an sainchumas nó na hacmhainní ag Glór na Gael tionchar teangeolaíochta an dá fheidhm thíos a mheas.

Feidhm 8 - Forbairt na fiontraíochta sa chomhphobal Gaeilge ag leibhéal áitiúil a spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do ghrúpaí ar mian leo gnó a riar tríd an Ghaeilge.

Ionchur

Lorgófar dóthan maoinithe ón stáitchiste chun “Ciste infheistíochta d’áiseanna agus d’acmhainní Gaeilge” a bhainistiú. Beidh sé mar sprioc go mbeidh €100,000 mar chiste faoi dheireadh tréimhse an phlean.

***Toradh ionchais:** Go mbeidh ar a laghad 10 áis nua spraoi teanga bunaithe forbartha in aghaidh na bliana*

Feidhm 9 - Cuidiú le bunú tionscadail eacnamaíochta phobal-bhunaithe agus an Ghaeilge mar mheán cumarsáide iontu;

Ionchur -

Ag teacht le Staitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010 - 2030 éileofar bunú “Cumann Tráchtála don Ghaeltacht agus gnóthaí eile trí Ghaeilge” agus buiséad bliantúil chun sin a hunú agus a riaradh. Cuirfidh Glór na nGael seirbhís rúnaíocht ar fáil do choiste bunaithe an Chumainn.

***Toradh ionchais:** Cuirfidh bunú an Chumainn le líon na bhfiontraithe Gaeilge agus le líon na seirbhísí/táirgí atá á ofráil do phobal labhartha na Gaeilge agus do phobal foghlamtha na Gaeilge araon.*

Aithníonn Glór na nGael an tábhacht a bhaineann le bunú Clár Taighde agus Forbartha, ní hamháin san eagraíocht, ach don earnáil trí chéile. Beidh sé mar sprioc ag an eagraíocht plé a thosnú le Foras na Gaeilge ar thábhacht Aonad Taighde agus Forbartha a bhunú a dhéanfaidh anailís leanúnaigh agus fadthréimhseach ar thionchar obair na hearnála.

Tá, áfach, réimsí oibre eile faoi chúram na heagraíochta go bhfuil sé indéanta anailís a dhéanamh ar a dtionchar, mar shampla, an scéim Teanga Tí, Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha agus comórtas Ghlór na nGael. Sna cásanna seo, tá próisis agus meicníocht á fheidhmiú ag an eagraíocht a léiríonn di go bhfuil, nó nach bhfuil, ag éirí leo tionchar dearfach a imirt ar na spriocphobail.

Freisin, tá seirbhísí eile á soláthar ag Glór na nGael nach bhfuil a dtionchar á ríomh faoi láthair ach go bhfuil sé i gceist iad a ríomh le linn tréimhse an phlean, eg, Feidhm 2, Ionchur 2;

Tabharfar faoi 1,600 cuairt timireachta faoi dheireadh 2022.

I gcásanna den chineál seo ceannófar córas lárnach bainisíochta eolais a bhaileoidh eolais maidir le miníocht chruinnithe, maidir le cúis chruinnithe agus maidir le torthaí cruinnithe. Cinnteofar go mbeidh córas den chineál seo ag feidhmiú faoi lár 2018.

Cúlra an phlean

Is cinnte nach ionann Glór na nGael sa bhliain 2017 agus mar a bhí beartaithe dó i bPlean Staitéiseach 2011 agus 2016. Bhí plean na tréimhse sin curtha le chéile faoi scáth “Samhail Nua Mhaoinithe” Fhoras na Gaeilge a bhí bunaithe ar chinneadh na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas (CATT), 2 Nollaig 2009, ie, athbhreithniú a dhéanamh ar na heagraíochtaí bunmhaoinithe.

Ar an 17 Eanáir 2014 d’fhógair Foras na Gaeilge “ré úr i bhforbairt na Gaeilge” agus de réir chinneadh an lae sin, ón 1 Iúil 2014 bhí 6 cheanneagraíocht náisiúnta le feidhmiú de réir 6 mhór réimse oibre, mar seo a leanas;

- (i) Glór na nGael - Forbairt Phobail agus Eacnamaíochta
- (ii) Gaelscoileanna (Gaeloideachais - Gaeloideachas/Tumoideachas agus Réamhscolaíocht Lán-Ghaeilge
- (iii) Conradh na Gaeilge - Ardú Feasachta, Cosaint Teanga agus Ionadaíocht (thar ceann na teanga le húdarais stáit)
- (iv) Gael Linn - Oideachas in earnáil an Bhéarla agus d’aoisigh, agus deiseanna úsáide do dhaltáí scoile (i ngach earnáil),
- (v) Oireachtas na Gaeilge - Deiseanna a thacaíonn le hÚsáid na Gaeilge agus le Bunú Gréasán
- (vi) Cumann na bhFiann - Forbairt Deiseanna Úsáidte Gaeilge agus Gréasán do Dhaoine Óga.

Ba é an 1 Iúil 2014 a bhí aontaithe mar thús tréimhse maoinithe na gceanneagras. Mar réiteach chuige sin, rinneadh idirbheartaíocht maidir le feidhmeanna nua Ghlór na nGael i dtaca le deontas Fhoras na Gaeilge de. Tá na feidhmeanna mar atá aontaithe le Foras na Gaeilge ó 2017 le léamh mar aguisín.

Próiseas na Moltóireachta = Creatlach Pleanála Teanga

Is ionann próiseas moltóireachta, nó measúnaithe, Ghlór na nGael agus creatlach phleanála. Le blianta fada b'é próiseas measúnaithe Ghlór na nGael an t-aon córas pleanála teanga ag leibhéal an phobail a bhí ag feidhmiú in Éirinn. Cé go bhfuil tacaíocht anois ar fáil ón Stáit ó dheas le tabhairt faoi phleananna forbartha bunaithe ar shaineolas pleanála teanga, aithnítear comórtas Ghlór na nGael mar chreatlach chuimsitheach phleanála teanga ann féin.

I gcomhair le heagrais eile, Stáit agus neamhstáit, bhí ról lárnach ag an eagraíocht seo i bhforbairt réimse na pléanála teanga. I gcomhair le hAcadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, agus le tacaíocht Fhoras na Gaeilge, foilsíodh lámhleabhar comhairleoireachta, “Roghanna” (ar fáil ar www.udar.ie) do choistí pobail le linn 2016. Le linn 2017, rinneadh taifead ar 5 fhíseáin ar an bpleanáil teanga, “Sruthanna”. Bhí trí cinn acu siúd dírithe ar choistí pobail agus dhá cheann ar chlubanna CLG. Tá teacht ar na físeáin sin ar <http://www.glorningael.ie/pobal/pleanail-teanga/>

Eanáir 2018 - Nollaig 2022

Feidhmeanna, lonchuir agus *Torthaí Ionchais*

Tá Glór na nGael ag feidhmiú de réir ceithre mhór réimse oibre mar atá bronnta uirthi ag Foras na Gaeilge, mar seo a leanas;

Forbairt ar Úsáid na Gaeilge i measc Teaghlaigh
Forbairt Phobail
Forbairt na Fiontraíochta Ghaeilge
Forbairt Úsáid na Gaeilge sa Ghnó

Tá an plean straitéiseach seo leagtha amach de réir na réimsí sin.

Don chéad uair leagfar béim ar an mhír oibre “Forbairt úsáid na Gaeilge sa Ghnó” i gcomhair le Foras na Gaeilge (DSG = Q-Mharc Gnó le Gaeilge) agus Conradh na Gaeilge (Eolaire peig.ie).

Is mór le Bord Stiúrtha Ghlór na nGael na forbairtí atá déanta aige le blianta beaga anuas, bunú Fhondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha go háirithe, agus tabharfar faoi gach iarracht iad seo a fhorbairt.

Tá Bord Stiúrtha Ghlór na nGael buíoch don tacaíocht leanúnach a thagann ó Fhoras na Gaeilge, go háirithe. Gan an tacaíocht mhaoinithe seo ní bheadh ar chumas na heagraíochta tabhairt faoi na forbairtí atá á dhéanamh aige.

Is ar scáth a chéile a mhaireann muid uilig agus tá Glór na nGael buíoch do na dreamanna seo a leanas a thacaíonn agus a chuidíonn ó bhliain go bliain; Roinn na Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta, An Roinn Oideachais agus Scileanna, An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, An Cumann Lúthchleas Gael, Conradh na Gaeilge, Gael Linn, Cumann na bhFiann, Ógras, An Foras Patrúnachta, Gaeloideachas, COGG, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Comhairle Contae Dhún na nGall, Cló Iar-Chonnacht, An Timire, an tOireachtas agus Comhairle na Gaelscolaíochta.

Réimse - Forbairt Phobail

Feidhm 1

Straitéis le haghaidh fhorbairt na Gaeilge ag leibhéal an phobail a fhorbairt agus a chur chun cinn don dá dhlínse a chuimseoidh gnéithe uilig de chur chun cinn na teanga ag leibhéal an phobail, agus tuairisciú i leith fheidhmiú na Straitéise;

Ionchuir

Ag aithint an tábhacht a bhaineann le forbairt na Gaeilge ag leibhéal an phobail in cur i bhfeidhm Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 (Rialtas na hÉireann) agus in aidhmeanna Straitéis le Forbairt na Gaeilge a Fheabhsú agus a Chosaint 2015-2035 (An Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta), cuirfear straitéis le chéile le haontú na mórfháirtithe in earnáil na Gaeilge.

Toradh Ionchais - I gcomhair le croí phairtnéirí na hearnála Gaeilge, aontófar straitéis a aithneoidh príomh théamaí forbartha pobail de réir dea-chleachtais na pleanála teanga agus aontófar comhthioscadail lárnacha le tabhairt futhu.

Feidhm 2

Comhairle, tacaíocht agus eolas a sholáthar do ghrúpaí pobal-bhunaithe, ina measc grúpaí atá ag plé le forbairt líonraí Gaeilge agus le bailte seirbhíse Gaeltachta. Múnlaí pleanála teanga oiriúnacha a aimsiú agus a mholadh dóibh agus tacaíocht a chur ar fáil dóibh, a chuideoidh leo pobail úsáidte Gaeilge a bhunú agus a bhuanú ina gceantar féin

Ionchur

- a. **Cinntear duaischiste €500,000** don chomórtas bliantúil teanga do ghrúpaí pobail Gaeilge agus idir Chumannn Ghaelacha tríú leibhéal. Cinntear duaischiste bliantúil a bheidh cothrom le €100,000 nó €500,000 thar tréimhse an plean.

Tortha ionchais- déanfar anailís ar thionchar caiteachais an duaischiste sna pobail sin a bhuafaidh duaiseanna sna comórtais.

Ionchur

- b. Tabharfar faoi 1,600 cuairt timireachta faoi dheireadh 2022.

Tortha ionchais - Forbrófar córas lárnach bainistíochta eolais. Bainfear úsáid as an gcóras seo le cúis agus tionchar na gcuairteanna a ríomh.

Ionchur

- c. Cuirfear leis na háiseanna tacaíochta pleanála teanga atá ar fáil³ de réir riachtanais agus de réir gá an phobail.

Torthadh ionchais - Forbrófar sraith fhíseán a dhéanfaidh cur síos ar thábhacht na Gaeilge i comhthéascanna éagsúla, ina measc, suíomh gnó, suíomh eagraíochta Stáit agus i suíomh CLG Gaeltachta. Déanfar Déanfar anailís ar fhiúntas na bhfíseán seo thrí bhaint amach spriocanna Feidhm 10, a,b,c, ach go háirithe.

Ionchur

- d. I gcomhpháirt leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála leanfar leis an tacaíocht a chuirtear ar fáil do ghrúpaí thar lear tríd an scéim Global Gaeilge. Cuirfear suas le €200,000 ar fáil trí an scéim seo.

Toradh ionchais - déanfar anailís ar thionchar caiteachais an duaischiste sna pobail sin a bhuafaidh duaiseanna sna comórtais.

³ Tá sraith fhíseáin pleanála taifeadta (“Sruthanna”) agus treoir leabhar ar an bpleanál teanga (“Roghanna”) foilsithe i gcomhair le hAcadamh na hOllscolaíochta Ghaeilge.

Réimse Tógáil Teaghlaigh le Gaeilge

Feidhm 4

Comhairle, tacaíocht agus eolas a chur ar fáil sa dá dhlínse agus ag leibhéal an phobail logánta do **thuistí** atá ag iarraidh teaghlach a thógáil le Gaeilge;

Ionchur

Faoi dheireadh 2022 scaipfear nuachtlitir coiscisiúl theaghlaigh ar 2,000 duine, suas ó 1,000 i 2017.

Toradh ionchais - Bunaithe ar aiseolais ó fhaighteoirí na nuachtlireach, cinnteofar go bhfuil sí ag freastal ar a riachtanais.

De réir éilimh i measc an phobal tabharfar tacaíocht do ghrúpaí pobail agus grúpa tuismitheoirí ar mhaith leo “Grúpaí Tuistí agus Leanaí” a bhunú. Tá 13 ag feidhmiú i 2017.

Toradh ionchais - ???

Feidhm 5

Éascú a dhéanamh ar **bhunú agus ar bhuanú líonraí** de theaghlaigh atá á dtógáil le Gaeilge ag leibhéal an phobail **logánta** Gaeilge;

Ionchur

Leis an tacaíocht chuí Stáit, déanfar forbairt ar an scéim Teanga Tí.

Toradh ionchais - Leathnófar an scéim seo de réir ráta 20 scoilphobail (200 teaghlaigh) mar atá ann i 2017 go dtí 60 scoilphobail (1,800 teaghlaigh measta) i 2022⁴.

Toradh ionchais - Faoi 2022 beidh 1,440 ócáidí do 1,800 teaghlach eagraithe, suas ó 160 ócáidí do 200 teaghlach i 2017.

Toradh ionchais - Ardófar an ciste tacaíochta atá ann don scéim go €60,000 sa bhliain nó €300,000 thar thar cúig bliana

⁴ Uasmhéid teaghlaigh rannpháirteach le ráta fáis cothrom le 20 teaghlaigh nua in aghaidh na scoile in aghaidh na bliana. : 2017 - 200 teaghlaigh, 2018 - 600 teaghlaigh, 2019 - 1,200 teaghlaigh, 2020 - 2,000 teaghlaigh, 2021 3,000 teaghlaigh, 2022 - 4,200 teaghlaigh

Toradh ionchais - Déanfar taighde le gach teaghlach ag tús a dtréimhse rannphairteachais agus arís ag deireadh tréimhse trí (3) bliana. Ar an ábhar seo, déanfar fiúntas na scéime, maidir le miníocht úsáid na teanga sna teaghlaigh, a mheas go cruinn.

Ionchur

Leanfar le heagrú imeachtaí do theaghlaigh, lasmuigh den scéim Teanga Tí ag ráta 103, ar a laghad, in aghaidh na bliana, nó 515 ar a laghad le linn tréimhse an phlean.

Toradh ionchais - *Thar tréimhse an phlean, cinnteofar go mbeidh 30 líonra féinchúnamh theaghlach bunaithe, a thiocfaidh le chéile ar bhonn rialta, cruthaithe.*

Feidhm 6

Cur chuige straitéiseach i gcomhar le Ceanneagraíochtaí agus páirtithe ábhartha eile, na húdaráis stáit san áireamh, i leith tógáil teaghlach le Gaeilge a fhorbairt ar sa dá dhlínse; agus

Ionchur

Stocaireacht leanúnaigh a dhéanamh d'fhonn fhíorú “Plean Straitéiseach don Teaghlach” atá curtha i dtoll le chéile agus aontaithe ag na páirtnéirí lárnacha atá ag feidhmiú in earnáil an teaghlaigh Ghaeilge⁵

Toradh ionchais: *Beidh an obair roinnte idir na páirtnéirí le go bhfíorófar ar laghad 50% de na héileamh faoi 2022. Aontófar na priorachtaí a bhaineann leis an 50% seo faoi lár 2018.*

⁵ Foras na Gaeilge, Údarás na Gaeltachta, Muintearas, Tuismitheoirí na Gaeltachta, Comhar Naíonraí na Gaeltachta, Oidhreacht Chorca Dhuibhne agus Glór na nGael

Feidhm 7

Bheith ag obair i gcomhpháirt le Conradh na Gaeilge, agus le páirtithe ábhartha eile le **feachtais feasachta** spriocdhírthe agus ar bhonn leanúnach a chur sa tsiúl le dul i bhfeidhm ar aosaigh óga maidir le tógáil teaghlach le Gaeilge.

Ionchur

Pairt gníomhach a ghlacadh ar an gcoiste feasachta⁶ agus spriocanna an Phlean Straitéiseach don Teaghlach a chur chun cinn ann.

Toradh ionchais:

⁶ Comhdhéanta de ; Foras na Gaeilge, Roinn na Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta, Na ceanneagras náisiúnta, CLG

Feidhmeanna d'fhorbairt na ngnéithe eacnamaíochta den Ghaeilge

Feidhm 8.

Forbairt na fiontraíochta sa chomhphobal Gaeilge ag leibhéal áitiúil a spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do ghrúpaí ar mian leo gnó a riar tríd an Ghaeilge.

Ionchur

Lorgófar dóthan maoinithe ón stáitchiste chun “Ciste infheistíochta d’áiseanna agus d’acmhainní Gaeilge” a bhainistiú. Beidh sé mar sprioc go mbeidh €100,000 mar chiste faoi dheireadh tréimhse an phlean.

***Toradh ionchais:** Go mbeidh ar a laghad 10 áis nua spraoi teanga bunaithe forbartha in aghaidh na bliana.*

Feidhm 9

Cuidiú le bunú tionscadail eacnamaíochta phobal-bhunaithe agus an Ghaeilge mar mheán cumarsáide iontu;

Ionchur -

A. Ag teacht le Staitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010 - 2030 éileofar bunú “Cumann Tráchtála don Ghaeltacht agus gnóthaí eile trí Ghaeilge” agus buiséad bliantúil chun sin a hunú agus a riaradh. Cuirfidh Glór na nGael seirbhís rúnaíocht ar fáil do choiste bunaithe an Chumainn.

***Toradh ionchais:** Cuirfidh bunú an Chumainn le líon na bhfiontraithe Gaeilge agus le líon na seirbhísí/táirgí atá á ofráil do phobal labhartha na Gaeilge agus do phobal foghlamtha na Gaeilge araon.*

Feidhm 10

Comhairle, tacaíocht agus eolas a chur ar fáil don **phobal gnó lena spreagadh** le tacú le húsáid na Gaeilge ina gcuid gnónna.

Ionchur -

A. Spreagfaidh Glór na nGael úsáid na Gaeilge ins an saol gnó agus i measc comhlachtaí beaga agus meánmheide. Deanfar seo trí ghníomhachtaí gnólachtaí atá ag soláthar seirbhísí Gaeilge a spreagadh agus a mholadh i dtreo clárú le eolaire gnó peig.ie, ar bhonn comhphairtíochta le Conradh na Gaeilge.

***Toradh ionchais:** Beidh sé mar sprioc 600 gnólachtaí nua a mhealladh le sonraí maidir le seirbhísí Gaeilge a phoibliú ar Peig.ie roimh dheireadh 2022.*

B. Lorgóidh Glór an nGael maoiniú le Córas Náisiúnta Gradam Aitheantais a chur ar bun. Rachaidh Glór an nGael i mbun plé le páirtithe áitiúla eile san earnáil seo le critéir chaighdeanach a aontú ar sainghradaim éasúla: Gaeilge mar theanga oibre; Gaeilge mar sheirbhís do chustaiméirí; Gaeilge in úsáid i gcomharthaíocht agus fógraíocht agus mar sin de.

Toradh ionchais:

C. Is scéim aitheantas nua de chuid Foras na Gaeilge é ‘Datheangachas den Scoth sa Ghnó’. Bronnfar Marc Dheimhniúcháin ar gnóanna beaga agus meanmheide a fhorbraíonn agus a bhaineann tairbhe as úsáid na Gaeilge mar uirlis bhreise gnó agus margaíochta. Bronnfar an Mharc Dheimhniúcháin ar aon eagraíocht gnó a thagann le critéir an ghradaim mar a leagtar síos iad i gCaighdeán an Mhairc Dheimhniúcháin.

Beidh sé mar sprioc, i gcomhair le Foras na Gaeilge, suas le 50 comhlacht a réiteach chun go mbeidh ar a gcumas an t-aitheantas seo a fháil.

Plean Feidhmeannach 2018

Glór na nGael

Tá an plean feidhmeannach bliana seo leagtha amach de réir na réimsí sin.

Don chéad uair, le linn 2017, leagadh béim ar an mhír oibre “Forbairt úsáid na Gaeilge sa Ghnó” i gcomhair le Foras na Gaeilge (DSG = Q-Mharc Gnó le Gaeilge) agus Conradh na Gaeilge (Eolaire peig.ie) agus leanfar le seo i 2018.

Le gach forbairt, áfach, tagann brú ar acmhainní, ar ábaltacht Ghlór na nGael a spiocanna a bhaint amach, ar ionchas forbartaí nua agus ar ionchas maidir le comhfhiontair nua le heagrais eile.

Is é an réimse oibre a ghlacann an méid is mó acmhainne agus ama ná an **réimse forbartha pobail**. San áireamh sa réimse oibre seo, tá;

- i. Comórtais Ghlór na nGael X 2 - moltóireacht, aiseolais, duaischiste, bronnadh duaiseanna
- ii. Oiliúnt - ceardlanna pleanála teanga, físeáin pleanála teanga
- iii. Timireacht leanúnach - 100 grúpaí éagsúla agus 300+ cuairteanna timireachta
- iv. Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha (FSMD) - 90 clubanna, earcú, timireacht, oiliúnt, pleanáil, scéim deontais, scéim aitheantais
- v. Straitéis náisiúnta á fhorbairt

Is é an dara réimse oibre is mó gnímh ná **réimse an teaghlaigh**. San áireamh sa réimse oibre seo tá;

- i. Imeachtaí sóisialta séasúracha - 100+ áitúla agus réigiúnacha
- ii. Deirí seachtaine as baile
- iii. Ábhar a fhoilísú - treoirleabhar do theaghlaigh, nuachtlitir x 26
- iv. Grúpaí tuistí agus leanaí x 13
- v. Straitéis náisiúnta a aontú
- vi. Saoire samhraidh Gaeltachta seachtaine
- vii. Scéim Teanga Tí - 160+ ócáidí teaghlaigh i scoilphobail éagsúla

Is é an triú réimse oibre is mó gnímh ná **réimse na heacnamíochta/fiontraíochta**. San áireamh sa réimse oibre seo tá;

- i. Forbairt áiseanna agus cluichí don mhargadh x 7 cinn i 2017.
- ii. Comhairle a chur ar fhorbróirí óga/nua.
- iii. Straitéis fhiontraíochta agus córas gradaim aitheantais á forbairt.
- iv. Deiseanna díolachán a aimsiú d'abhar agus d'áiseanna Gaeilge
- v. Seastáin mhargaíochta agus díolachán - 22 lá+
- vi. Cuirteanna scoileanna le taispeantas áiseanna trí Ghaeilge - 170+ cuairt

Go leanúnach, tá Glór na nGael ar fáil chun a bheith ag comhoibriú ar **chomhthionscadail** fhiúntacha eile. I measc na gcomhthionscadal a dhíreofar orthu le linn 2018 tá;

- i. Rith 2018 - le Conradh na Gaeilge
- ii. Teanga Tí - le Gaeloideachais agus Foras na Gaeilge
- iii. Gaelbhratach - le Gael Linn
- iv. Lá Náisiúnta na dTeaghlach le Cumann na bhFiann
- v. Scéim Global Gaeilge le tacaíocht na Roinne Gnóthaí Eachtracha

Ollspriocanna na bliana 2018

12.1 Forbairt Pobail	Ollsprioc bliana
Grúpaí pobail a chlárú	95
Clubanna an CLG a chlárú	90
Cuairteanna timireachta	320
Tuairiscí iarmholtóireachta a roinnt le coistí	45
Ciste deontas fograithe do ghrúpaí thar lear	€30k
Ceardlanna pleanála teanga nó eile	9
Straitéis Forbartha: aontaithe	

12.2 Fiontraíocht

Seastáin mhargaíochta	22 lá
Bainistiú Veain COGG - cuairteanna ar scoileanna	170
Scéim tacaíochta fiontraíochta nuabhunaithe	€50,000
Straitéis Fiontraíochta aontaithe	
Critéir caighdeanach Gradaim Aitheantais Náisiúnta forbartha	

12.3 Tógáil Clainne le Gaeilge

Nuachtlitir a scaipeadh ar 1,000 teaghlaigh	24
Nuachtlitir a scaipeadh	1,000 teaghlaigh
Teanga Tí - ócáidí	160

Gúpaí Tuistí agus Leanaí	13
Ócáid chlainne	103

12.4 Forbairt úsáid na Gaeilge sa ghnó

Earcú gnónna do eolaire peig.ie	120
Sonraí deimhnithe gnónna reatha ar peig.ie	38
Treoir ar ghnónna ar DSG	45
Cruinniú Reigiúnach do ghnónna	3
Gnónna a ullmhú do DSG	9

Eile	Ollsprioc bliana
Gaelbhratach - cuairteanna ar scoileanna	40
Rith 2018	20k duine
Seiminéar leis an GLG faoi stair na Gaeilge sa chumann	200 duine
Féile Náisiúnta Siúlóide	50 duine
Cumainn Ghaelacha a chlárú	16
Tuairiscí Ráithe ar bhaint amach spriocanna	4
Cruinnithe Breithmheas Feidhmíochta	38

Feidhmeanna Ghlór na nGael aontaithe le Foras na Gaeilge (2017)

Forbairt Phobail

1. Straitéis le haghaidh forbairt na Gaeilge ag leibhéal an phobail a fhorbairt agus a chur chun cinn don dá dhlínse a chuimseoidh gnéithe uilig de chur chun cinn na teanga ag leibhéal an phobail, agus tuairisciú i leith fheidhmiú na Straitéise;
2. **Comhairle, tacaíocht agus eolas** a sholáthar do ghrúpaí pobal-bhunaithe, ina measc grúpaí atá ag plé le forbairt líonraí Gaeilge agus le bailte seirbhíse Gaeltachta. Múnlaí pleanála teanga oiriúnacha a aimsiú agus a mholadh dóibh agus tacaíocht a chur ar fáil dóibh, a chuideoidh leo pobail úsáidte Gaeilge a bhunú agus a bhuanú ina gceantar féin; agus
3. **Tacaíocht, treoir agus oiliúint** a chur ar fáil do ghréasán d'oifigigh forbartha Gaeilge (idir oifigigh SPG, CLG, CCÉ agus Chomhairlí Áitiúla) sa dá dhlínse.

Feidhmeanna a bhaineann le Tógáil Teaglaigh le Gaeilge

4. Comhairle, tacaíocht agus eolas a chur ar fáil sa dá dhlínse agus ag leibhéal an phobail logánta do **thuistí** atá ag iarraidh teaghlach a thógáil le Gaeilge;
5. Éascú a dhéanamh ar **bhunú agus ar bhuanú líonraí** de theaghlach atá á dtógáil le Gaeilge ag leibhéal an phobail **logánta** Gaeilge;
6. **Cur chuige straitéiseach** i gcomhar le Ceanneagraíochtaí agus páirtithe ábhartha eile, na húdaráis stáit san áireamh, i leith tógáil teaghlach le Gaeilge a fhorbairt ar sa dá dhlínse; agus
7. Bheith ag obair i gcomhpháirt le Conradh na Gaeilge, agus le páirtithe ábhartha eile le **feachtais feasachta** spriocdhírthe agus ar bhonn leanúnach a chur sa tsiúl le dul i bhfeidhm ar aosaigh óga maidir le tógáil teaghlach le Gaeilge.

Feidhmeanna d'fhorbairt na ngnéithe eacnamaíochta den Ghaeilge

8. **Forbairt na fiontraíochta** sa chomhphobal Gaeilge ag leibhéal áitiúil a spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do ghrúpaí ar mian leo gnó a riar tríd an Ghaeilge agus
9. **Cuidiú le bunú tionscadail eacnamaíochta** phobal-bhunaithe agus an Ghaeilge mar mheán cumarsáide iontu;
10. Comhairle, tacaíocht agus eolas a chur ar fáil don **phobal gnó lena spreagadh** le tacú le húsáid na Gaeilge ina gcuid gnónna.

Eile

Bunaithe ar na feidhmeanna agus ar na freagrachtaí thuas:

11. A bheith páirteach i dtionscadail agus tionscadail a stiúradh, i gcomhpháirt le comhpháirtithe eile ar an Fhóram Comhpháirtíochta.
12. Pleananna Straitéiseacha agus oibríochtúla a réiteach i gcomhpháirt le comhpháirtithe eile ar an Fhóram Comhpháirtíochta ar bhonn tráthrialta;
13. Iarratais thráthúla ar mhaoiniú a chur faoi bhráid Fhoras na Gaeilge bunaithe ar an pleananna sin.

Comhpháirtíocht le heagrais eile

Bhí cur chuige chomhpháirtíochta, ach go háirithe leis na ceanneagrais eile, mar lár sprioc ag cinneadh CATT, 2 Nollaig 2009, nuair a rinneadh cinneadh athbhreithnú a dhéanamh ar mhaoiniú na hearnála Gaeilge. Mar is léir ón dtábla thíos, bhí an comhpháirtíocht riamh tábhachtach do Ghlór na nGael agus aimseofar bealaí le tógáil uirthi go leanúnach

Cuireann Glór na nGael an-bhéim ar thógáil páirtíochtaí le heagrais agus grúpaí eile. Is sampla maith í an scéim atá á riaradh ag Glór na nGael ar son COGG (an Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta) le sárthaispeántas de leabhair agus earraí oideachais trí Ghaeilge atá curtha ar fáil ar Veain COGG a fhreastalann ar scoileanna agus imeachtaí pobail agus oideachais ar fud na tíre.

Comhpháirtíochta Eile	
Roinn Oideachais agus Scileanna	Comórtas na gCumann Gaelach
Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála	Scéim forbairt na Gaeilge thar lear, Global Gaeilge
Conradh na Gaeilge	<ul style="list-style-type: none"> a. Rith 2018 b. Bainisteoir Acmhainní Daonna comhfhostaithe ag díriú ar pholasaí, rialachais, oiliúint, earcaíocht agus cúrsaí smachta c. Coiste Feachtas Feasachta d. Forbairt eolaire ghnó ar PEIG.IE e. Fostú Oifigeach Mac Léinn triú leibhéal
COGG	<ul style="list-style-type: none"> a. Forbairt earraí agus áiseanna oideachais/spraoi Ghaeilge ar nós Scrabble, Scrabble na nÓg i measc cluichí eile (féach www.udar.ie) b. Bhuaigh Glór na nGael tairiscint poiblí le bainistíocht a dhéanamh ar Veain COGG
Cumann Lúthchleas Gael	Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha

Gaeloideachas	An Scéim Teanga Tí
Cumann na bhFiann	Deireadh seachtaine náisiúnta na dteaghlach
Gael Linn	Gaelbhratach

Déanfar gach iarracht cur le líon agus le luach na páirtnéireachtaí straitéiseacha seo sa tréimhse 5 bliana romhainn, 2018-2022.

“Teanga Tí”

Ag Labhairt Gaeilge sa Bhaile Scéim Phiolótach do Theaghlach sa Scoilphobal

Tá Glór na nGael, Gaeloideachas agus Foras na Gaeilge ag tabhairt faoi fhorbairt ghréasán de theaghlach Ghaeilge i scoilphobail scoileanna lánGhaeilge agus Gaeltachta le linn 2017- 2020.

Sprioc na scéime

Is í sprioc a bhaineann leis an scéim thacaíochta, Teanga Tí, ná spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do theaghlach pháistí naíonán sinsir an Ghaeilge a labhairt níos minice sa bhaile. Is scéim uile-ghabhálach í a fhreastalóidh ar riachtanais teanga teaghlach difriúla. Is féidir go mbeadh Gaeilge measartha ag tuismitheoirí agus iad ag iarraidh feabhas a chur lena gcumas nó iad ar bheagán Gaeilge ach gur mian leo caighdeán níos airde a bhaint amach.

Spreagfar agus tabharfad tacaíocht do theaghlach, a bhfuil páiste acu sa rang Naíonán Shinsir (nó Rang 2 sna Sé Chontae), an Ghaeilge a labhairt níos minice agus mar ghnáth-theanga sa bhaile. Is scéim uile-ghabhálach í a bheith ábalta freastal ar riachtanais teanga teaghlach agus a fhorbróidh gréasáin idir-theaghlach.

Cé is féidir leo páirt a ghlacadh sa scéim, Teanga Tí?

Is íosmhéid de chúig a bheith páirteach i ngach grúpa. Faoi láthair, 2017, tá an scéim teoranta do theaghlach a bhfuil páistí acu i gaeilscoileanna agus i scoileanna Gaeltachta. Déanfaidh an scoil iarratas ar son na dteaghlach. Is bun-riachtanas é go gcaithfidh páiste amháin i ngach teaghlach a bheith sa rang Naíonán Shinsir, ach is féidir go mbeidh páistí eile an teaghlach i ranganna eile.

Beidh ciste tacaíochta airgid ann do gach grúpa a ghlacfaidh páirt sa scéim. Bronnfaidh an scéim €600 agus déanfaidh gach scoil infheistiú €300, ie, airgid meaitseála. Éascóidh an maoiniú eagrú imeachtaí teaghlach bunaithe.

Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha

Is fondúireacht í Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha a chuireann tacaíocht airgid agus aitheantais ar fáil do chlubanna an CLG. Is iad Glór na nGael, i gcomhair leis an CLG atá ag baintiú na fondúireachta.

Tá gach eolas faoin bhFondúireacht le fáil anseo -

<http://www.glornangael.ie/wp-content/uploads/2016/11/FSMDrgb.pdf>